The plan will be regularly reviewed and timescale for implementation of each action will be allocated. The plan will be contextualised by Wexford County Council's Corporate Plan, Wexford County Development Plan 2019-2025 and other relevant local and government policy.

Our communication with the community through our partnerships will continue to inform the development of the library service in Wexford. Ongoing evaluation of events and programmes will be prioritised. Staff performance will be enhanced through training and continuous professional development, which will be assessed as part of our performance management system. Our participation in national initiatives will further ensure that we are meeting our objectives under this plan.

Progress will be monitored through the national performance indicators and the National Oversight and Audit Commission (NOAC).

Regular reports on progress and implementation of the plan will be presented via the Chief Executive Report to Wexford County Council and to the Council's Housing and Community SPC (Strategic Policy Committee). The Annual Report of Wexford County Council will also reflect the status and progress of the plan and the work of the library service.


Appendices



Appendix 1

Revenue Budget for Libraries and Archives 2017-2019


	2017 €	2018 €	2019 €
Library Service Operations	2,404,788	2,729,868	2,756,194
Book Fund	280,000	300,000	310,000
Service Support Costs	1,553,001	1,709,188	1,835,554



Appendix 2 - SWOT Analysis

Library staff participated in workshops to identify Wexford County Council Library Service's strengths, weaknesses, opportunities and threats.

The following issues were identified:



Strengths

- Five good libraries.
- Friendly, committed staff.
- Trusted and well-loved service.
- No fines and charges.
- Extensive opening hours.
- New services e.g. 3D printing and tech spaces.
- Commitment to customer service.
- RFID has enhanced services.
- Investment in stock and increasing book fund.
- Good relationships with groups and organisations.
- E-services continue to grow in popularity.
- Event programme is varied and well attended.
- National Distribution System has increased availability of stock.
- My Open Library Gorey.
- Relationships with primary schools.
- Deliver good value for money.

Opportunities

- Huge scope to develop STEAM and technology in libraries further.
- Streaming and recording live lectures, concerts etc.
- Embrace ongoing technological developments.
- Potential to grow the homebound services.
- Expansion of reach of 'Work Matters' service.
- Enhance collaboration with a range of national, local statutory and voluntary providers.
- Potential to grow our online library of local studies material.
- Services offered by mobile service can expand.
- Grow relationships with second level schools show relevance to curriculum.
- My Open Library.
- E-resources e-books, e-audiobooks, e-magazines, e-newspapers.
- More services provided by staff as they upskill.
- To build relationships with preschools.



Weaknesses

- Availability of quiet space in branches.
- Need for more physical space for growing range of services.
- Need for more consultation with non-users.
- Services for teenagers.
- Opening hours can be improved.
- Need for greater awareness among members of the public about the service we provide.
- Staff training in all areas required including working with young adults, IT; customer service underdeveloped.
- Skills gap for some staff.
- Not attracting or servicing non-users.
- IT broadband speeds.

Threats

- Maintaining unique nature of our local library service in a national context.
- Future availability of funding for new libraries and services.
- Ability to continue to grow investment particularly in book funds.
- Outdated notions of what a library is persist.
- Under-utilisation of new services due to lack of training.
- Digital exclusion is growing.
- Children's "digital only" experience e.g. a child trying to swipe or enlarge a paperback.
- Reduced reading attention spans – how the "long thought" of a book competes with the compact information of a tweet.
- Keeping pace with novelty/fashion of the publishing industry.

Appendix 3 – PESTLE Analysis

As part of the process of developing this plan, Wexford County Council Library Service conducted a PESTLE Analysis to determine what external factors (political, economic, social technological, legal and environmental) will impact on our operating environment for over the lifetime of the plan.

We identified the following:

Political



- Our Public Libraries 2022: Inspiring, Connecting and Empowering the national plan for libraries will influence future directions.
- Public Library Standards and Benchmarks.
- Project Ireland 2040 National Planning Framework will influence capital development.
- National Digital Strategy and National Broadband Plan will influence the development of IT services and skills throughout the country.
- Local Government ICT Strategy 2017-2022.
- National Disability Inclusion Strategy (2017-2021) to promote greater inclusion by people with disabilities in Irish society.
- Better Outcomes, Brighter Futures: National Policy Framework for Children and Young People 2014 – 2020 and Co. Wexford's Children and Young People's Services Committee Plan.
- National Positive Ageing Strategy and Wexford's Age Friendly County Strategy.
- Wexford County Development Plan 2019 – 2025.
- Co. Wexford Local Economic & Community Plan (LECP).
- Co. Wexford's Culture and Creativity Strategy and County Wexford Arts Strategy 2018-2021.
- Wexford County Council Irish Language Scheme.

Economic



- The provision of adequate funding for local government.
- Securing funding for capital projects.
- Wexford County Council Library Service's role in cultural tourism promotion in Co. Wexford.
- Public Spending Code, DPER, 2013.
- Implications of Brexit on our economy.
- National shared tendering for IT systems, book stock, etc. to ensure value for money and economies of scale.
- The availability of public private arrangements for capital investment.
- Increased maintenance costs of IT systems and new buildings.

Social



- Lower levels of participation in third level education.
- Older age population particularly in certain districts.
- High levels of commuting in some areas and effect on social cohesion. How increasing opening hours through My Open Library can help those who are time poor to participate.
- Areas of rural isolation and how this affects participation in library services.
- Lower levels of digital literacy in older people and the need to support digital literacy education.
- Ensuring that library services meet the needs of individuals who may be at risk of marginalisation due to economic circumstance, geographic isolation or additional needs.
- The need to provide free cultural and informal educational opportunities that are open and accessible to all young and old.

Technological



- The high paced growth in technology means that libraries need to be ahead of the curve in introducing new hardware and software.
- Changes in how people interact with the library service mean we must be able to offer a highly responsive online experience.
- Access must be increased to our unique collections through digitisation.
- A smart social media policy is required to maximise return on the time invested in this means of communication.
- High value research resources, databases and open-access resources must be provided and mediated.
- Technological advances mean that investment must be increased in CPD for staff.

Environmental



- Wexford County Council Climate Change Adaptation Strategy.
- UN Sustainable Development Goals.
- The National Energy Efficiency Action Plan (NEEAP) and the European Communities Regulations have set out the obligations and targets for public bodies. This has been underpinned by the Public Sector Energy Efficiency Strategy.
- Wexford County Council Library Service has an important role in environmental awareness and public education.
- Climate Action Plan 2019 to Tackle Climate Breakdown.

Legal



- Public Procurement and EU Legislation.
- Children First: National Guidance for the Protection & Welfare of Children (DCYA).
- Local Government Acts.
- GDPR and Freedom of Information legislation.
- Official Languages Act 2003.
- Public Sector Pay Agreement.
- Safety, Health and Welfare at Work Act 2005 (as amended).

Appendix 4 – Public Consultation

Online Consultation



More than 1,000 individual surveys were returned using our online submission form. 23 online surveys were returned from schools, businesses, disability groups and other institutions.

Consultation Process



Separate meetings and workshops were held to consult with library staff as follows:

- New staff members (10)
- Full staff team (22)
- Branch and senior managers (9)

Face-to-Face Consultation



Face to face consultation took place in the following venues with the aim of engaging both users and non-users:

- Gorey Shopping Centre
- Tesco, New Ross
- Wexford St. Aidan's Supervalu and Tesco Wexford
- Supervalu, Bunclody

The following secondary schools participated in our survey:

- FCJ Bunclody
- Bunclody Vocational College
- Good Counsel School New Ross

Focus Groups of self-selecting adults were held in:

- Gorey Library
- Wexford Library
- A meeting was held with Enniscorthy Active Retirement group

Media & Online



- Press adverts were placed in all local newspapers in Co. Wexford.
- The Library home page on the website had a link to the online survey.
- Public access PCs in five branch libraries had a link to the online survey.
- Wi-Fi access in five branch libraries had a link to the online survey.
- Electronic newsletter sent to 279 PPN community /disability groups publicised the survey.
- Electronic newsletter to all LEO groups publicised the survey.
- Email link to online survey was sent to teachers in all primary & secondary schools & colleges in Co Wexford.
- Email link to online survey was sent to the four Chambers of Commerce for their membership in Co. Wexford.
- Email link to online survey was sent to all playschools and crèches via Wexford County Childcare Committee.
- Online survey for council staff on the Wexford County Council Intranet.

Hardcopy Surveys in Public Venues




All branch libraries distributed hardcopy versions of our survey as did Gorey Family Resource Centre.

Consultation Findings



Our public consultation provided more 1,000 responses. Crucially, more than one third of responses were from non-users of our service.

Users & Non-users




Library Use



When asked:

What would you be most likely to visit the library for?
The following were the responses:

Most likely reasons to visit library



Opening Hours




On the question of opening hours respondents were asked:

Are the opening hours of your local library suitable for your needs?"

A significant minority of 21% said "No".
115 people required longer opening hours in the evening and 69 earlier in the morning.


Do opening hours suit?




Stock Development

A number of questions were asked in order to inform stock development priorities for the coming years. Preferences for reading material for adults were expressed as follows:

Non-Fiction Subjects




Fiction Genre



The response to the question "**Do you use e-resources?**" demonstrates significant scope for further development of our audience in this area.

Do you use e-resources?



Mobile Library Service



Over 160 responses were received with regard to the use of the mobile library service. Over 20% of the responses were in support of the mobile service and stated the positive impact the service made in their lives and communities. 53 people suggested that we advertise the timetables and service better with a map.

Accessible Library Services




A significant number of respondents (21%) indicated that they or a member of their family had a physical or educational disability. These respondents were asked what changes would they make to make facilities better. A significant number of respondents referenced a need for enhanced services and stock for children and adults with dyslexia. Another suggestion by a number of respondents was the improvement of services to people with autism. Individual responses highlighted accessibility issues particular to local branches such as ramps and parking. Each of these responses is being further investigated.


Event Programmes

Suggestions were sought for the type of events (both adult and children's) that respondents wished to see in libraries.

Adult Events



Children's Events



E-services including Internet, Website and Online Library



Respondents identified a number of areas for improvement in internet and e-services including the provision and maintenance of faster internet and Wi-Fi and more effective promotion of e-services.

General Suggestions and Comments

We received over 800 individual general suggestions and comments. A large percentage of comments were very complimentary about the services provided in all libraries.

Suggestions for improvements included:

- Stock.
- Building facilities.
- Opening hours.
- Quiet spaces.
- Coffee and tea facilities.
- Improved computer speeds.

Library Promotion




We asked respondents:

How do we get our message about our services to more people?

How can we encourage new members?

Responses highlight the perceived importance of social media in terms of promotion of library services.

Medium of Promotion



Acknowledgements

We would like to thank all of the groups, organisations and individuals who contributed to the consultation process and so enthusiastically shared their views and insights into how we could improve and enhance the library service.

We would also like to acknowledge the contribution of the elected members, management and staff of Wexford County Council. Without this participation, the research and resulting plan would not have been possible. We were heartened by the level of interest and we very much hope this plan accurately reflects the diverse array of ideas and suggestions that were generated by the consultation.









**Wexford Town
Library**

Mallin St
Ferrybank South
Wexford
Y35 AY20
T (053) 919 6760





An Plean Forbartha Leabharlann, 2020-2025



Clár na nÁbhar

Réamhrá le Tom Enright.....	1
Focal ó Chathaoirleach Chomhairle Contae Loch Garman.....	2
Réamhrá leis an Leabharlannaí Contae.....	3
Achoimre Fheidhmeach.....	4-5
Modheolaíocht.....	6-7
Ár bhFís, ár Misean agus ár Luachanna.....	8
Gearrchuntas ar na Pobail a bhFreastalaímid orthu.....	10
Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman	12
Príomhchuspóirí 2020-2025	20
Monatóireacht, Measúnacht agus Athbhreithniú.....	29
Aguisíní	30

Réamhrá le Tom Enright



Tá leabharlanna poiblí ina n-acmhainn iontach luachmhar dár bpobail. Spásanna poiblí saor in aisce, oscailte agus daonlathacha iad do shaoránaigh ár gcontae, áit ar féidir leo teacht le chéile, dul i gcomhar le chéile agus cur le chéile.

Bíodh sin mar atá, d'fhéadfadh i bhfad ní ba mhó a bheith i gceist leo ná spásanna fálteacha amháin. Is iomaí deis a thugann siad dár saoránaigh, idir óg agus aosta. Cuireann siad ar ár gcumas ár gcuid foghlama a chur chun cinn, ár ndeiseanna a fheabhsú agus barr ár gcumais a bhaint amach. Is í an leabharlann bunchloch ár bpobal agus is áit í inar féidir scoth ár gceantar agus ár gcultúir a chaomhnú agus a cheiliúradh.

In 2018 seoladh Ár Leabharlanna Poiblí 2022, an straitéis náisiúnta leabharlann poiblí. Tá an straitéis seo difítithe ar chroifheidhmeanna na seirbhísé leabharlainne go náisiúnta. Leagtar amach inti fíos níos struchtúrtha, níos comhsheasmhá maidir le ról na leabharlainne sa tacaíocht litearthachta agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus leagtar síos freisin gurb í an leabharlann an phríomháit chun teacht ar eolas ar féidir brath air. Tá éifeachtaí dearfacha na straitéise seo feicthe againn cheana – fuarthas réidh le líneálacha agus táillí i leabharlanna poiblí ó cheann ceann na tíre agus feabhsaíodh na huaireanta oscailte trí thionscnamh darb ainm Mo Leabharlann Oscailte.

Tá príomhchuspóirí náisiúnta mar bhonn agus mar thaca ag Plean Forbartha Leabharlann Chomhairle Contae Loch Garman, 2020-2025, cé go leagtar amach ann chomh maith na huaillmhianta tábhachtacha atá againn féin ar an leibhéal áitiúil maidir le ballraíocht, foirgnimh agus seirbhísí leabharlainne. Tá mé ag tnúth go mór leis an bplean seo a fheiceáil faoi lánsol, le tacaíocht ó chomhaltaí tofa Chomhairle Contae Loch Garman, baill den phobal, ár bhfoireann agus ár gcomhpháirtithe.

Focal ón gCathaoirleach an Clr. Ger Carthy

Comhairle Contae Loch Garman




Tá Comhairle Contae Loch Garman thar a bheith bródúil an Plean Forbartha Leabharlann seo a fhoilsiú, a d'eascair as próiseas fairsing comhairliúcháin le muintir Chontae Loch Garman. Is é seo an chéad uair a rinneamar iarracht chomh cuimsitheach sin cluas a thabhairt do thuairimí daoine maidir lenár seirbhísí leabharlainne agus na tuairimí sin a chur i dtoll a chéile. Tá tuiscint níos iomláine againn anois ar an gcaoi ar féidir leis an tseirbhís a cion féin a dhéanamh le saol na ndaoine a fheabhsú.

Tá an t-ádh linn i gContae Loch Garman go bhfuil seirbhís ardfhorbartha leabharlainne againn, a chuimsíonn leabharlanna lánaimseartha, seirbhís freagrúla, agus foireann dhícheallach a bhfuil fios a ngnó acu. Ní shin le rá go bhfuilimid chun ár maidí a ligean le sruth, agus tá pleananna rí-uaillmhianacha againn dár seirbhís leabharlainne. I gcaitheamh an phlean forbartha leabharlann, táimid den tuairim go mbeimid in ann ár leabharlanna a fhobairt tuilleadh chun a chinntíú go leanfaidh siad orthu ag freagairt do riachtanais na bpobal a ndéanaimid freastal orthu. Déanaimid ár seacht ndícheall a chinntíú go mbeidh Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman ina heiseamláir de sheirbhís nua-aimseartha leabharlainne phoiblí do sheirbhís leabharlainne eile in Éirinn agus ar fud na cruinne.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach sa phróiseas pleanála. Táimid ag tnúth le dul i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara go léir as seo go ceann cúig bliana lena chinntíú go gcuirfear an plean seo chun feidhme agus go n-éireoidh lenár leabharlanna cur go mór le saol na ndaoine agus na bpobal i gContae Loch Garman.

Réamhrá le Eileen Morrissey

An Leabharlannaí Contae



In 2022 beimid ag comóradh céad bliain bhunú an chéad ionaid leabharlainne i gContae Loch Garman. Ar chroíphrionsabail na leabharlainne pobail bige sin bhí fáil a thabhairt do chách ar eolas agus ar ábhar léitheoireachta, agus a bheith i gcroílár an phobail áitiúil. Anois agus muid ag seoladh an phlean forbartha leabharlann seo a bheidh mar bhonn faoi fhorbairt seirbhísí leabharlainne i gContae Loch Garman as seo go ceann cúig bliana, is fíor do na prionsabail sin go fóill.

Is léir ón aiseolas a fuarthas le linn an phróisis comhairliúcháin go bhfuil meas ag an bpobal ar leabharlanna Chontae Loch Garman, go bhfuil iontaobh acu astu, agus go bhfuil siad fós lárnach inár bhféiniúlacht áitiúil. I mbeagán focal, is le muintir Loch Garman na leabharlanna.

Le himeacht shaolré an phlean seo, táimid ag iarraidh ár bhfoirgnimh agus ár mbailiúcháin leabharlainne a fheabhsú, líon na mball atá againn a mhéadú agus ár n-oidhreacht áitiúil a chaomhnú. Déanfaimid an méid sin agus déanfaimid cultúr an fheabhsaithe leanúnaigh a chothú ag an am céanna sna seirbhísí a chuirimid ar fáil.

Is iad baill fairne na leabharlainne is mó a bheidh taobh thiar de chur chun feidhme an phlean seo agus admhaím an méid suntasach oibre a chuir siad isteach nuair a bhí sé á chur le chéile. Óir go bhfuil an fhoireann chomh tiomanta sin, tá muinín agam go n-éireoidh linn na haidhmeanna uaillmhianacha atá leagtha síos againn a bhaint amach faoi cheann cúig bliana. Táim buíoch de Chathaoirleach agus Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Loch Garman, den Phríomhfhéidhmeannach, Tom Enright, agus d'Fhoireann Bainistíochta Chomhairle Contae Loch Garman as a gceannaireacht leanúnach agus as tacú chomh mór sin le leabharlanna i gContae Loch Garman.

Ár 5

Phríomhchuspóir

Achoimre Fheidhmeach

**Leagtar amach i bPlean Forbartha
Leabharlann Chomhairle Contae Loch
Garman, 2020-2025 na tosaíochtaí i
ndáil le forbairt seirbhísí leabharlainne
as seo go ceann cúig bliana.**

Déanfaidh an pleán uaillmhianach seo cinnte de go mbeidh ár leabharlanna ina spásanna nua-aimseartha, fáilteacha, áit a mbeidh an fhoireann idir oilte agus chairdiúil agus a gcuirfear seirbhísí agus bailiúcháin fhreagrúla ar fáil do shaoránaigh an chontae.

Déantar cur síos sa phleán seo ar an gcaoi a bhfreagróimid do riachtanais ár bpobal éagsúil ar bhealach ionchuimsitheach agus ar an gcaoi a bhfreastalóimid ar éilimh agus ionchais a bhíonn ag athrú de shíor, leis.





1. A gcuirimid ar fáil a fheabhsú

- Foирgnimh agus leabharlanna taistil a fheabhsú.
- Infheistíocht a dhéanamh inár mbailiúchán fhisiciúla agus ar líne.
- Ár seirbhísí TF a fhorbairt ó thaobh bonneagair agus ríomhchlár de.
- Seirbhísí a fhorbairt mar fhreagairt dhíreach ar riachtanais ár gcuid custaiméirí.



2. Daoine Nua a Mhealladh Isteach

- Margaíocht éifeachtach a dhéanamh ar ár seirbhísí leabharlainne.
- Cur lenár n-uaireanta oscailte.
- Ár gcomhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí eile a leathnú.
- Cur leis an obair for-rochtana a dhéanaimid sa phobal.
- A chinntíú gur féidir le cách teacht ar ár bhfoирgnimh agus ar ár seirbhísí leabharlainne.



3. Loch Garman a Cheiliúradh

- Ár n-oidhreacht a chaomhnú agus a chur i láir an aonaigh.
- Scéalta Chontae Loch Garman a bhailliu agus a insint.
- Ár mbailiúchán uathúla a dhigitíú le go mbeidh níos mó daoine in ann teacht orthu.
- Ár n-acmhainn turasóireachta a fhorbairt trí thacú le staidéar ginealaí agus áitiúil.
- Tuilleadh tacaiochta a thabhairt do thaighde iar-bhunscoile.
- Comóradh a dhéanamh ar imeachtaí stairiúla ar bhealach tuisceanach, machnamhach.



4. Difríocht a dhéanamh inár bpobail

- Litearthacht agus scíthléitheoirí a fhorbairt.
- Cultúr na foghlama ar feadh an tsaoil a spreagadh.
- Eispéiris chultúrtha a éascú agus spásanna cruthaitheacha agus comhoibritheacha a chur ar fáil.
- Sláinte agus folláine a spreagadh inár bpobal agus eolas sláinte ar féidir brath air a chur ar fáil.
- Feasacht a ardú ar ár dtimpeallacht nádúrtha agus ar ar gá don tsochaí a dhéanamh le dul i ngleic leis an athrú aeráide.
- Tacú le taighde agus fáil ar eolas don phobal gnó.
- Tacú leo siúd atá ag lorg fostáiochta.






5. Infheistiú inár ndaoine

- Cumhacht a thabhairt dár bhfoireann lorg a láimhe a fhágáil ar fhorbairt ár seirbhísí leabharlainne.
- Leibhéal leordhóthanacha soláthair fairne a choinneáil.
- Infheistíocht a dhéanamh i gclár freagartha oiliúna agus forbartha.
- Páirt a ghlacadh i gcóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta.

Modheolaíocht


De réir an Acharta Rialtais Áitiúil, 2001, bíonn de dhualgas ar gach údarás áitiúil plean forbartha leabharlann a chur i dtoll a chéile lena ghlacadh ag an gComhairle. Is ráiteas poiblí an plean sin, ina dtugtar léargas ar fhís, misean, luachanna, prionsabail agus cuspóirí na seirbhíse leabharlainne go ceann cúig bliana.



Cé gur plean áitiúil é seo le seirbhísí leabharlainne a forbairt inár gcontae féin, tá sé tábhachtach freisin go léireofaí ann an fhís náisiúnta a leagtar amach in **Ár Leabharlanna Poiblí 2022**:

"Is ionaid tharraingteacha fháilteacha iad leabharlanna poiblí, áiteanna inar féidir le gach ball den phobal eolas, smaointe agus fainseás a fháil agus áiteanna inar féidir leo machnamh agus caidreamh a dhéanamh agus foghlaim."

Lena chois sin, tá sé tábhachtach an plean forbartha leabharlann seo a léamh i gcomhthéacs roinnt príomhbheartais eile. Leagtar amach i **bPlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil Loch Garman, 2017** na haidhmeanna, na cuspóirí agus na bearta ginearálta atá ag teastáil le forbairt eacnamaíoch agus phobail a chur chun cinn agus le tacú léi as seo go ceann cúig bliana. Chuir líon suntasach gníomhaireachtaí, daoine aonair, gnólachtaí agus grúpaí pobail leis an bPlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil agus tá go leor aidhmeanna agus cuspóirí i bpáirt aige agus ag an bplean forbartha leabharlann.



Comhairliúchán

Tuairimí an phobail atá mar bhonn díreach eolais faoin bplean seo agus i measc na ndaoine a ndeachthas i ndáil chomhairle leo bhí úsáideoirí leabharlainne de gach aois, daoine nach úsáideoirí leabharlainne iad, ionadaithe poiblí, baill fairne, grúpaí pobail agus gníomhaireachtaí.

Tionóladh seisiúin chomhairliúcháin le baill den Lónra Rannpháirtíochta Pobail (LRPP), gnólachtaí áitiúla, scoileanna, agus rannóga eile den údarás áitiúil. Baineadh úsáid as meicníochtaí éagsúla, amhail suirbhéanna, fócasghrúpaí agus ceardlanna.



1,000+
AIGHNEACHT

Tá lín ollmhór na n-aighneachtaí a fuarthas ina léiriú ar an tábhacht a chuireann muintir Chontae Loch Garman le forbairt a seirbhísé leabharlainne poiblí. Forbraíodh na tosaíochtaí go léir a dtugtar cuntas orthu sa phlean seo trí thagairt don aiseolas a fuarthas tríd an bpróiseas comhairliúcháin.



AGUISÍN 4 Ich37
Leagtar amach sceideal an chomhairliúcháin agus príomhghnéisithe den aiseolas a fuarthas.



Ár bhFís

"Athrú agus ceartas sóisialta a chur chun cinn trí rochtain ar eolas agus ar fhaisnéis."



Ár Misean

"Déanfaimid an saol a shaibhriú trí rochtain chomhionann a chur ar fáil ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, ar chultúr agus ar dheiseanna áineasa. Cuirfimid leabharlanna nua-aimseartha, fáilteacha ar fáil, áit a mbeidh an fhoireann idir oilte agus chairdiúil agus a gcuirfear seirbhísí agus bailiúcháin fhreagrúla ar fáil."




Ár Luachanna

Is aidhm le Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman a bheith:

- Fáilteach, oscailte agus ionchuimsitheach
- Inspioráideach agus nuálach
- Comhoibritheach agus rannpháirtíoch
- Tacúil agus cumasaithe





Daonra
Co. Loch Garman

- Contae é Loch Garman atá ag fás agus tháinig méadú beagnach 14% ar an daonra idir 2006 agus 2016.¹
- Tá an ráta fáis sin tite beagán le blianta beaga anuas, agus méadú 3% a bhí ann idir 2011 agus 2016.
- Is i dtuaisceart an chontae a bhí an chuid ba mhó den fhás faoin daonra le déanaí.
- Meastar sa Chreat Pleanála Náisiúnta go mbeidh idir 163,000 agus 166,000 duine ina gcónaí i Loch Garman faoin mbliain 2026.
- Tá éagsúlacht shuntasach réigiúnach i bpróifil aoise an daonra i gContae Loch Garman, rud atá le sonrú i gceantair áirithe ina bhfuil breis is 20% den daonra os cionn 65 bliain d'aois, cé bhfuil an daonra i bhfad níos óige i gceantair eile, ar nós Cheantar Bardasach Ghuaire.²
- De réir Dhaonáireamh 2016 tá 15% de daonra Chontae Loch Garman faoi mhichumas, arb é an dara lín is airde sa stát é.

Gearrchuntas ar na Pobail a bhFreastalaímid orthu

Is in Oirdheisceart na hÉireann atá Contae Loch Garman suite. Is é an contae is mó i gCúige Laighean é agus tá clú air as aibhneacha, sléibhte, gleannta, slabáí faoi chosaint agus tránná nach bhfuil a sárú ann, a shíneann go cósta atá níos mó ná 200 ciliméadar ar fad.



Faoi bhun 18 mbliana d'aois

Tá thart ar aon trian den daonra ina ndaoine óga agus is i Loch Garman atá cónaí ar an 12ú lion is airde de dhaoine faoi 18 mbliana d'aois sa stát.

Os cionn 65 bliain d'aois

Tá borrhadh tagtha i lín na ndaoine atá os cionn 65 bliain d'aois i Loch Garman agus is ionann é anois agus beagnach 15% den daonra iomlán. Tá méadú beagnach 20% tagtha ar an ngrúpa seo ó bhí 2011 ann, rud a léiríonn cé chomh tábhachtach is atá sé seirbhísí leabharlainne a thacaíonn le daoine breacaosta a fhorbairt tuilleadh.

Neamhnáisiúnaigh

Tá an t-ochtú lín neamhnáisiúnach is airde sa stát i Loch Garman – cé go bhfuil an ráta seo laghdaithe le gairid.

An Lucht Siúil

Is i gContae Loch Garman atá an séú lín Taistealaithe is airde i ngach údarás áitiúil in Éirinn. Pobal seasmhach ó thaobh méide agus gluaiseachta de is ea Pobal na dTaistealaithe. Tá a bhformhór óg agus a dteaghlaigh níos mó ná an meán de ghnáth. Cuireadh statisticí i dtoll a chéile i nDaonáireamh 2016 maidir leis an Lucht Siúil, a léirigh leibhéal níos ísele oideachais, leibhéal níos airde luathfhágála scoile agus fachtóirí míbhuntáiste eile.³

Agus na tosca déimeagrafacha go léir á gcur san áireamh, is léir gur tábhachtach an rud é pleánail le haghaidh seirbhísí leabharlainne lán-ionchuimsitheacha i gContae Loch Garman sna blianta amach romhainn.

1 Daonáireamh na hÉireann, 2016

2 <https://www.wexfordcoco.ie/planning/other-reports-and-resources/socio-economic-profiles--airo-2018> (arna íoslódáil an 22/10/19)

3 Analís riachtanais ar phobal an Lucht Siúil i gContae Loch Garman. Taighde Sóisialta le Brian Harvey https://www.wexfordcoco.ie/sites/default/files/content/Community/Traveller-Needs-Analysis-2018_0.pdf

An Staid Gheilleagrach

De réir Innéacs Díothachta HP Pobal, is é Loch Garman an ceathrú húdarás áitiúil is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa tír.⁴ Tá cónaí ar thart ar 20% de dhaonra Loch Garman i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste. Tá na leibhéal díothachta ag feabhsú de réir a chéile le blianta beaga anuas, áfach.

Tá an ráta difhhostaíochta i Réigiún an Oirdheiscirt (a bhfuil Loch Garman ann) tite ach, ag 6.7%, tá sé fós ar an ráta is airde sa tír.⁵ Tá Loch Garman níos spleáiche ar earnálacha 'traidisiúnta' tionscail, amhail talmhaíocht, tógáil agus déantúsaíocht, i gcomparáid leis an meán sa Stát. Mar sin féin, tá earnáil fiontraíochta leathan go leor bunaithe anois i Loch Garman agus tá dea-cháil bainte amach aici as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta, eolaíochtaí beatha agus táirgeadh bia. Tá earnáil na turasóireachta sa chontae an-láidir chomh maith, rud a thugann ioncam suntasach, tábhachtach isteach. Is ón gcaiteachas intíre a thagann an chuid is mó d'ioncam turasóireachta an chontae agus tá Loch Garman ar an gcúigiú contae sa Stát ó thaobh ioncam turasóireachta de.⁶

Tá daonra mór ag cur fúthu sa phríomhlonnaíochtaí i dTuaisceart Loch Garman, áit a bhfuil siad faoi urchar méaróige do Bhaile Átha Cliath. Is dócha go meallfar isteach tuilleadh comaitéirí fós mar gheall ar na forbairtí bonneagair a leanann ar aghaidh ar mhótarbhealach an M11 agus ar an N25. Buntáiste suntasach is ea suíomh Chalafort Ros Láir sa chontae, go mór mór i gcomhthéacs an Bhreatimeachta. Bíodh sin mar atá, níl an leathanbhanda thar mholadh beirte in go leor áiteanna sa chontae agus níl fáil ach ag 64% de na háitribh ghnó i Loch Garman ar leathanbhanda ardluais den scoth, céadán atá faoi bhun an fhigiúir náisiúnta (70%).⁷

Tá an ceathrú ráta gnóthachtála tríu leibhéal is ísle sa tír ag Loch Garman de réir Dhaonáireamh 2016. Tá feabhas mór ag teacht ar chúrsaí le blianta beaga anuas de bharr go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndaoine óga a fhanann leis an oideachas tríu leibhéal agus a ghlaicann páirt ann.

Bonneagar Cultúrtha

Tá oidhreacht shaibhir ag Loch Garman, lena n-áirítear áiseanna tógtha, cultúrtha agus comhshaoil a bhfuil cál idirnáisiúnta orthu. Tá beocht agus brí i saol na n-ealaón comhaimseartha sa chontae freisin.

Is iomaí duine mór le rá i saol na liteartha comhaimseartha a rugadh i Loch Garman, leithéidí Banville, Toibín agus Colfer, agus is mol é freisin don cheol. don scéalaíocht, agus don drámaíocht. Tá an tÁras Náisiúnta Ceoldrámaíochta i Loch Garman, agus éiríonn le Féile Ceoldrámaíochta Loch Garman lear mór turasóirí cultúrtha a mhealladh isteach. Tá glúin nua dearthóirí, ealaíontóirí, ceardaithe agus daoine cruthaitheacha tagtha chun cinn sa chontae freisin.

Seoid Shean-Oirthear na hÉireann, is contae é Loch Garman a bhfuil go leor staire ag baint leis a théann chomh fada siar le lonnaíochtaí ársa, foghail na Lochlannach sa bhliain 850 agus an chéad Normannach a tháinig i dtír i mBanú sa bhliain 1169. Bhí Loch Garman ina chontae ceannairceach riamh, go mór mór in 1798 agus in 1916. Tá cál ar an gcontae as a sheoda stairiúla, amhail sráideanna meánaoiseacha Bhaile Loch Garman, Cnoc Fhiadh na gCaor agus Teach Solais Rinn Duáin, atá ar cheann de na tithe solais is sine ar domhan atá ag oibriú go fóill.



⁴ Innéacs Díothachta HP Pobal – Scór Coibhneasta, 2016 (Foinse: Pobal)

⁵ Suirbhé ar an Lucht Saothair, Ráithe 1, 2019 (An Phriomh-Oifig Staidrimh 2019)


⁶ Feidhmiocht Bharrlíne Turasóireachta de réir Réigiún, 2017, Fáilte Éireann [http://www.failteireland.ie/Failtelreland/media/WebsiteStructure/Documents/3_Research_Insights/2_Regional_SurveysReports/2017-topline-regional-performance-\(003\).pdf?ext=.pdf](http://www.failteireland.ie/Failtelreland/media/WebsiteStructure/Documents/3_Research_Insights/2_Regional_SurveysReports/2017-topline-regional-performance-(003).pdf?ext=.pdf)

⁷ Táscairí eacnamaíocha IBEC, 2017

Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman

Cuireadh tús le scéal Sheirbhís Leabharlainne Poiblí Tuaithe Loch Garman in 1922 nuair a bunaíodh ionad leabharlainne i Scoil Náisiúnta Shéipéal na hAbhann, gar do Bhaile na Cúirte. Bhí an leabharlann bheag seo ar cheann de cheithre leabharlann a bunaíodh in Éirinn mar thionscnamh trialach faoi choimirce lontaobhas Carnegie.

D'éirigh chomh maith sin leis an leabharlann sráidbhaile seo gur tháinig borradh faoin ngluaiseacht go han-ghasta. I mí an Mhárta 1924, d'fhoilsigh **The Irish Statesman**




páipéar dar theideal 'Books in Rural Ireland'. De réir an údair Lennox Robinson, bhí sé faiseanta ag an am rudaí a rá amhail 'Níl daoine ag ceannach leabhar ná á léamh in Éirinn'; 'teagasctar do mhuintir na tuaithe céan chaoi léamh ach níl siad ag iarráidh léamh', agus 'taobh amuigh de na bailte móra, is beag leabhar atá ar fáil ach is beag duine a dteastaíonn uaidh iad a léamh ar aon nós'. Rinne sé spior

spear de na scéalta sin gan bhunús ach a chur in iúl gur fuarthas deich míle leabhar ar iasach (agus gur léadh iad, is dócha) sna sé mhí tar éis bhunú an ionaid tuaithe i gContae Loch Garman. Faoin Acht Rialtais Áitiúil, 1925 ceapadh Comhairle Contae Loch Garman ina húdarás leabharlainne don chontae.⁸

Tá an tseirbhís leabharlainne ag fás agus ag forbairt ó shin i leith agus is mór againn a rá anois gur tugadh os cionn leath milliún cuairt in 2018 ar na cúig leabharlann brainse agus ar an dá leabharlann taistil atá againn i Loch Garman. Le blianta beaga anuas tá líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar imeachtaí agus gníomhaíochtaí leabharlainne tar éis dul in airde go mór. Tá méadú millteanach tagtha ar raon na ngníomhaíochtaí a chuireann leabharlanna ar fáil, leis. Tagann daoine chun na leabharlainne le scil nua a fhoghlaim, éisteacht le léacht, printéir tríthoiseach a úsáid, bualadh le cairde, pas bordála a chur i gcló, taitneamh a bhaint as nóiméad machnaimh leo féin, an Wi-Fi a úsáid, nó leabhar a fháil ar iasach fiú amháin!

Ballraíocht

Tá ballraíocht ghníomhach sa tseirbhís leabharlainne ag 21% de dhaonra Chontae Loch Garman agus úsáideann na mílte saoránach eile ár leabharlanna le staidéar a dhéanamh nó le freastal ar imeacht.



Tá leabharlann brainse i ngach ceann de na 5 phríomhbhaile:

- **Loch Garman,**
- **Inis Córthaidh,**
- **Ros Mhic Thriúin,**
- **Guaire,**
- **Bun Clóidí.**

Tá an tseirbhís leabharlainne ina cuid de Stiúrthóireacht Tithíochta, Pobail, Leabharlann, Ealaón, Seirbhís Éigeandála agus Comhshaoil Chomhairle Contae Loch Garman. Tugann an Leabharlannaí Contae tuairiscí do Stiúrthóir Seirbhísí na Stiúrthóireachta Tithíochta, Pobail, Leabharlann, Ealaón, Seirbhís Éigeandála agus Comhshaoil, duine a thugann tuairiscí ansin do Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Loch Garman. Tugann an tSeirbhís Leabharlainne tuairiscí don Choiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Tithíocht agus Pobal. Tagann an Coiste seo le chéile ceithre huaire in aghaidh na bliana agus cabhraíonn leis an gComhairle beartais a cheapadh agus a fhorbairt, mar aon le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.

2018 d'aon amharc



538,937

CUAIRT



465,627

EARRA TUGTHA AMACH AR IASACHT



14,370

R-LEABHAR TUGTHA
AMACH AR IASACHT



151,288

CUAIRT AR ÁR LÁITHREÁN GRÉASÁIN



13,090

R-CHLOSLÉABHAR TUGTHA
AMACH AR IASACHT



2,500

IMEACHT CURTHA AR FÁIL

do leanaí, do dhaoine óga agus
do dhaoine fásta atá ina gcónai
i gContae Loch Garman.

Leabharlanna Brainse

Bíonn na leabharlanna i gContae Loch Garman ar oscailt sé lá iomlána sa tseachtain agus go déanach tráthnóna nó dhó. 45 uair an chloig sa tseachtain an meánlíon uaireanta a bhíonn siad ar oscailt, figiúr atá ard go leor i gcomparáid le háiteanna eile.



Leis an tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte, is féidir le baill chláraithe a gcárta leabharlainne agus a UAP a úsáid le dul isteach i Leabharlann Ghuaire ó 8 a.m. go 10 p.m., 7 lá na seachtaine, 365 lá sa bhliain. Tá sé beartaithe an tseirbhís seo a chur ar fáil i leabharlanna brainse eile freisin.

LEABHARLANN BHUN CLÓIDÍ

Thart ar 300m² ar achar, osclaíodh in 2007 in ionad ilchineálach í in aice le haonaid chónaithé agus tráchtála araon.



LEABHARLANN GHUAIRE

Tá sí 728m² ar achar agus osclaíodh in 2011 í. Tá áit lárnach aici in ionad cathartha atá suite i gcroílár ceann de na bailte is gasta fás sa tír.

LEABHARLANN INIS CÓRTHAIDH

Osclaíodh i lár na nójaidí í i scoil athchóirithe coiste gairmoideachais. Foirgneamh smolchaite í gan a dóthain spáis do sheirbhís leabharlainne nua-aimseartha.




LEABHARLANN ROS MHIC THRIÚIN

350m² ar achar, osclaíodh in 1981 í. Cuireadh feabhas ar an leabharlann shaintógha seo in 2016 nuair a osclaíodh páirc leabharlainne a bhfuil duaiseanna buaite aici in aice léi. Oibríonn an foirgneamh seo go maith go fóill ach tá sé beag go leor mar sin féin. Is cúis díomá é freisin nach bhfuil aon spás ar leith ann d'imeachtaí ná do chruinnithe.



LEABHARLANN BHAILE LOCH GARMAN

Suite i lár Bhaile Loch Garman, is taibhseach an foirgneamh í ó thaobh ailtireachta de. Tá trí stór inti agus í 2,000m² ar achar. Osclaíodh ár leabharlann chontae in 2012.



Tá Ceannáras Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman lonnaithe i Halla an Chontae, Loch Garman, áit a gcuireann an fhoireann seirbhísí riarrachán agus bibleagrafacha ar fáil do na leabharlanna brainse agus taistil.


Leabharlanna Taistil

Tá dhá leabharlann taistil ag Comhairle Contae Loch Garman, ceann acu atá lonnaithe in Inis Córthaídh a fhreastalaíonn ar thuaisceart an chontae agus ceann eile i mBaile Loch Garman a fhreastalaíonn ar an deisceart. Cuireann siad seirbhís leabharlainne iontach tábhachtach ar fáil ag 48 stad pobail i gceantair iargúltá. Freastalaíonn na leabharlanna taistil ar 45 bunscoil. Cuireann siad tacaiocht litearthachta rithábhachtach ar fáil agus tacáinn le cuimisiú sóisialta. Cuireann siad le feiceálacht sheirbhísí an Údarás Áitiúil ar fud an chontae chomh maith.




Seoladh feithicil leabharlainne taistil den chineál is nua-aimseartha in 2018 tar éis infheistíochta a fháil ó Chlár Infheistíochta Caipilí na Leabharlann, 2016-2021. Freastalaíonn an leabharlann taistil nua seo ar 2,000 úsáideoir leabharlainne atá ina gcónai i gceantair thuaithe i ndeisceart Chontae Loch Garman. Tá Wi-Fi, stoc 4,000 leabhar agus comharthaíocht dhigiteach aige agus cuireann sé ar chumas úsáideoirí leabharlainne i bpobail tuaithe clárú ar líne agus fáil a bheith acu ar chatalóg na leabharlainne.

Seoladh seirbhís phíolótach seachadta go doras in 2019 le seirbhísí saincheaptha leabharlainne a chur ar fáil d'úsáideoirí leabharlainne nach bhfuil in ann cuairt a thabhairt ar leabharlanna brainse ná ar leabharlanna taistil.



"Bíonn na leabharlannaíthe taistil an-gharach agus ina gceann maith dom i gcónai. Aon leabhair a d'iarr mé nach raibh ar fáil láithreach, fuair na leabharlannaíthe domsa iad a luaithe ab fhéidir. Aon leabhair nua atá díreach tagtha amach, cuireadh ar fáil domsa iad a luaithe ab fhéidir chomh maith. Tá croí mór maith ag foireann na leabharlann taistil. Níos tábhactaí fós bíonn siad iontach cabhrach freisin. Go raibh maith agaibh ó chroí."

Úsáideoir de chuid na Leabharlainne Taistil Thuaidh



Eisíodh 80,000
EARRA



Freastalaíodh ar 45
BUNSCOIL



48
STAD POBAIL

Seirbhís Staidéar Áitiúil


Cuirtear saoráid taighde ar leith ar fáil i Leabharlann an Chontae i mBaile Loch Garman dóibh siúd atá ag déanamh staidéar ar ábhair a bhaineann le Loch Garman.

Tá Leabharlannaí Staidéar Áitiúil lonnaithe i gCeannáras na Leabharlainne, áit a bhfaightear stoc isteach agus a ndéantar é a chatalógú. Is ón gCeannáras céanna a chuirtear seirbhísí digitithe agus seirbhísí leabharlainne digití ar líne ar fáil.

Tá thart ar 14,000 teideal ar leith sa Bhailiúchán Staidéar Áitiúil. Ina measc tá acmhainní a bhaineann le: Stair agus seandálaíocht; geilleagar; reiliúin; tírdhreach; oidhreacht chultúrtha; timpeallacht nádúrtha agus thóghtha Loch Garman. Tá sa bhailiúchán chomh maith saothar údar a rugadh i Loch Garman, beag beann ar an ábhar.


Tá bailiúchán digiteach de théacsanna, irisleabhair staire áitiúla, grianghraif agus ábhar stairiúl eile ón 19ú haois a bhaineann le Loch Garman agus lena mhuintir le fáil ar ár láithreán gréasáin. Is é is aidhm leis an gcartlann dhigiteach seo ná na hábhair seo a chur ar fáil do dhaoine anseo in Éirinn agus thar lear le cumasú dóibh staidéar agus taighde a dhéanamh ar Loch Garman agus taitneamh a bhaint as an eolas freisin.

Cuireadh Cartlann Leabhar agus Taighde Uí Chinnéide ar bun i Leabharlann Ros Mhic Thriúin i gcomhar le Scoil Samhraidh Uí Chinnéide. Tá raon leabhar, irisí agus ailt eile a bhaineann le muintir Uí Chinnéide sa chartlann agus tá ábhair nua á gcur leis i gcónaí tar éis iad a fháil ó bhronnntóirí in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe.



Bailiúchán agus Acmhainní

Faoi láthair tá 417,460 earra de stoc fisiciúil ag Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman, i.e. leabhair, irisleabhair, dlúthdhioscaí DV Danna.




Cuirtear raon leathan stoic ar fáil i bhformáidí éagsúla inrochtana. Caitear cuid shuntasach den Chiste Leabhar ar stoc do dhaoiné óga, a chaithfear a athsholáthar níos mince ná mar is gnách óir go n-úsáidtear chomh minic sin iad. Déanaimid cinnte de go bhfaighimid luach ár gcuid airgid nuair a cheannaímid leabhair trí pháirt a ghlacadh i bpróiseas náisiúnta tairisceana maidir le soláthar leabhar.

Feabhsaíodh go suntasach an fháil ar stoc in 2015 nuair a tugadh isteach córas náisiúnta nua um bainistíocht leabharlann. Áit í an chatalóg chomhroinnté seo ar féidir le baill leabharlainne ar fud na tíre teacht a bheith acu ar bheiris is 12 mhilliún earra i níos mó ná 330 brainse leabharlainne. Cuireann an tseirbhís ar chumas ball earraí a iarraidh agus a phiocadh suas ina mbrainse áitiúil saor in aisce.

Cuirtear sraith seirbhísí digiteacha ar fáil trínar féidir teacht ar r-leabhair, r-irisí, r-nuachtáin agus cúrsaí r-fhoghlama 24 uair an chloig. Tugadh na seirbhísí seo isteach in 2016 mar chuid de thairiscint náisiúnta a bhain le ríomhacmhainní agus tá an-tóir go deo orthu anois. Rinneadh 90,000 idirbheart r-seirbhise i Loch Garman in 2018.

Tá bailiúchán mór acmhainní ar líne ar fáil saor in aisce d'úsáideoirí



Teicneolaíocht

Tá leathanbhanda arluais ag gach foirgneamh leabharlainne de chuid Chomhairle Contae Loch Garman.

Tá Wi-Fi saor in aisce, ríomhairí poiblí agus áiseanna fénseirbhísé priority agus cóipeála ar fáil. Tá fénseirbhís atá bunaithe ar an teicneolaíocht RFID ar fáil sna leabharlanna uile, a ligean d'úsáideoirí stoc a thógáil amach ar iasacht agus a thabhairt ar ais as a stuaim féin. Ní bhíonn na baill foirne gafa ag plé le gnáthphróisis laethúla a thuilleadh de bharr na teicneolaíochta RFID sin, rud a ligean dóibh a bheith níos freagraí ar fhiosrúchán ón bpobal.

Tá Criosanna Teicneolaíochta, a bhfuil printéirí tríthoiseacha agus pacáistí róbataice iontu, i bhformhór na leabharlanna brainse. Tá fáil ar iMacanna i Leabharlann Loch Garman agus tá trealamh ar fáil i mórchuid na leabharlann i gcomhair cruinnithe digiteacha agus láithreoirreachtaí. Baineadh úsáid as deontas a fuarthas ón Roinn Forbartha Tuaithé agus Pobail in 2018 le hinfheistíocht shuntasach a dhéanamh i dtrealamh TF, amhail comharthaíocht dhigiteach, gléasanna cinn réaltachta fíorúla, trealamh scáileánin tadhail i gcomhair taispeántais dhigitigh agus pacáistí róbataice.

Tá réimse teicneolaíochta cúnta ar fáil i ngach leabharlann brainse le hinrochtaineacht TF agus seirbhísí eile a chinntiú.

Baintear úsáid fhoreathan as na meáin shóisialta lenár seirbhísí a chur chun cinn agus le cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal.

NA MEÁIN SHÓISIALTA



13,000
'IS MAITH LIOM É'



1,600
LEANTÓIR



1,240
LEANTÓIR



Clár Imeachtaí

Léiríonn imeachtaí ról na leabharlanna mar:

- ① Spásanna pobail inar féidir aitheantas a thabhairt d'éachtaí áitiúla agus iad a cheiliúradh.
- ② Áiteanna teacht le chéile inar féidir gníomhaíocht ghrúpa agus comhtháthú sóisialta a spreagadh.
- ③ Spásanna cathartha inar féidir rannpháirtíocht shibhialta a chur chun cinn agus a spreagadh i measc saoránach.
- ④ Crann taca na litearthachta agus na foghlama ar feadh an tsaoil
- ⑤ Teagascóirí sa litearthacht faisnéise agus i scileanna éifeachtacha taighde.

In 2018 cuireadh ní ba mhó ná 2,000 imeacht ar siúl i leabharlanna sa chontae.

Tá béim á leagan anois ar a thábhachtaí atá sé imeachtaí ar ardchaighdeán a chur ar fáil, agus iad sin a eagrú i gcomhar le compháirtithe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta in go leor cásanna. I measc na dtéamaí tá eolas, litearthacht, clubanna leabhar, stair, foghlaim, cultúr, sláinte, Gaeilge, scileanna fostáiochta, tacáiocht ghnó agus gníomhaíochtaí fóillíochta. Forbraítear na cláir de réir thuairimí ár n-úsáideoirí agus déantar iad a mheas agus a bheachtú tuilleadh bunaithe ar an aiseolas a fhaightear. Tá prionsabal an chomhionannais deise mar bhonn agus mar thaca ag ár gcláir imeachtaí agus caithimid an-dúthracht le deiseanna foghlama a chur ar fáil do phobail níos iméallaithe agus do dhaoine nach bhfuil chomh rannpháirtíeach céanna sa tsochaí. Cuirtear liostáil éitheoirreachta agus ábhair eolais i dtoll a chéile chomh maith le tacú leis na cláir.

An Fhoireann

Tá 57 ball forne ardoilte fostaithe ag Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman ar bhonn lánaimseartha faoi láthair. Oibríonn siad go léir le seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil dár gcuid custaiméirí inár mbrainsí, leabharlanna taistil agus seirbhísí tacáiochta.

Comhaontaíodh plean fórsa saothair leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in 2016 agus is féidir linn a chinntiú go mbíonn struchtúr seasmhach fairne i bhfeidhm dá bharr.

Gabhann Comhairle Contae Loch Garman uirthi féin timpeallacht dhearfach foghlama a chur ar fáil ar bhonn leanúnach d'fhoireann na leabharlainne, d'fhonn a chinntiú go gcumasaítear dóibh seirbhís leabharlainne atá idir shofhreagrach agus ábhartha a chur ar fáil don phobal.

Litearthacht agus Forbairt Léitheoirí

Ceann de phríomhfheidhmeanna na seirbhíse leabharlainne is ea litearthacht agus cultúr léitheoireachta a chur chun cinn i gContae Loch Garman.

An Ceart chun Léamh


Tacaíonn an Ceart chun Léamh le forbairt litearthachta do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do leanaí mar chuid de chur chuige caighdeánaithe atá comhordaithe go háitiúil ar fud na tíre. Tá an tseirbhís leabharlainne i gceannas ar an Lónra um Cheart chun Léamh, arb aidhm leis cláir litearthachta agus léitheoireachta a chur ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh. I Loch Garman tá an lónra bunaithe trí Mheithéal Oibre Oideachais an Choiste um Sheirbhís do Leanaí agus Daoine Óga agus is é an cúram atá air ná Plean Gníomhaíochta Litearthachta a fhorbairt.

Cuirtear sraith imeachtaí sceidealta agus seirbhísí do Scoileanna chun cinn go háitiúil agus go náisiúnta i rith na bliana d'fhoinn leanaí agus teaghlaigh a mhealladh isteach. I measc na n-imeachtaí sin tá Léim Isteach san Am Scéalaíochta, Réaltaí an tSamhraidh, Féile Leabhar na Leanaí, agus Am Teaghlaigh i Do Leabharlann Áitiúil.

Is clár é an Léitheoir Cónaithe trína gcuirtear clár gníomhaíochtaí ar fáil atá ceaptha le litearthacht a chur chun cinn i measc leanaí agus a dteaghlaich agus iad a spreagadh chun nós a dhéanamh as dul chuig an leabharlann agus taitneamh a bhaint aisti trí:

- Ceardlanna a dheardadh agus a chur ar fáil a thacaíonn le Plean Gníomhaíochta um an gCeart chun Léamh.
- Dul i gcomhar le scoileanna, pobail agus comhpháirtithe de chuid an Lónra um an gCeart chun Léamh lena chumasú do níos mó leanaí agus teaghlaich seirbhísí leabharlainne a úsáid agus dúil a chur i leabhair agus sa léitheoireacht.
- Dul i gcomhar le hacmhainní ar líne agus leis na meáin dhigiteacha, shóisialta agus áitiúla leis an léitheoireacht a chur chun cinn.

Díríonn an Léitheoir Cónaithe ar leanaí atá níos deacra a spreagadh le bheith páirteach, amhail leanaí imeallaithe, leanaí ó chúlraí eitneacha éagsúla, agus leanaí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu, d'fhoinn an mhuinín agus na scileanna a thabhairt dóibh féin agus dá dteaghlaigh a theastaíonn uathu le leas iomlán a bhaint as an leabharlann áitiúil.



Tá Féile Eolaíochta Loch Garman ar an bhfód ó bhí 2017 ann agus is iad an tSeirbhís Leabharlainne agus Rannóg Pobail Chomhairle Contae Loch Garman a dhéanann í a chomhordú. In 2018 d'fhreastail 3,500 duine ar 104 imeacht a réachtáladh sna cúig leabharlann phoiblí agus in ionaid phobail i gContae Loch Garman. An fhéile, a bhí páirtmhaooinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, is í Comhairle Contae Loch Garman a bhí i gceannas uirthi i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Bord Lascaigh Mhara agus Local Link Loch Garman. Bhí sí ar cheann de 12 fhéile a cuireadh ar siúl le ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na hEolaíochta.

Rinne 50 duine de na heolaithe, na taighdeoirí agus na cainteoirí is mó a bhfuil clú orthu anseo in Éirinn agus ar fud na cruinne plé le raon leathan ábhar d'fhoinn cumasú do dhaoine tuiscint a fhorbairt ar an eolaíocht agus ar bhealaí le dul le gairm eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta, ealaíne nó matamaitice (STEAM) amach anseo.



Litearthacht Dhigiteach

Deirtear in Innéacs Geilleagair agus Sochaí Digití an Aontais Eorpaigh, 2019 gur lag atá scileanna digiteacha mhuintir na hÉireann ar an meán: níl bunscaleanna digiteacha ach ag 48% den phobal, i bhfad faoi bhun mheán an Aontais Eorpach, 57%.⁹ Dá bhrí sin, tá cur ar fáil clár teagasc ar ardchaighdeán fós mar thosaíocht ag Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman.

Seo roinnt samplaí de chláir litearthachta digití:

- Ceardlanna agus taispeántais trealaímh inár gCriosanna Teicneolaíochta.
- Forbairt scileanna TF trí chláir náisiúnta amhail Digitise the Nation, Benefit 4 agus Clubanna Foghlama Digití.
- Ceardlanna códaithe, cluichíochta, róbataice agus ríomhaireachta.
- Teagasc r-acmhainne i gclinicí agus duine le duine.

Cuirtear na cláir ar fáil do go leor grúpaí déimeagrafacha éagsúla, lena n-áirítear na pobail siúd a d'fhéadfadh a bheith i mbaol imeallaithe.

Work Matters

Cuireann an tionscnamh Work Matters tacaíocht agus acmhainní ar fáil do ghnólachtaí, d'fhorraithe agus do chuardaitheoirí poist. Seirbhís is ea é atá faoi mhaoirseacht grúpa stiúrtha náisiúnta agus faoi bhainistiú comhordaitheoir áitiúil, agus cuireann sé tacaíochtaí ar fáil i gceithre phríomhréimse: bonneagar, acmhainní, saineolas, imeachtaí agus cláir.

Bhain imeachtaí i Loch Garman le hábhair amhail margáiocht ar na meán sóisialta, margáiocht inneachair, CVanna, scileanna agallaimh agus do ghnó féin a thionscnamh. Tá méadú ag teacht de réir a chéile ar an úsáid a bhaintear as na hacmhainní ar líne do ghnólachtaí agus rinneadh rochtain ar bhreis is 20,000 doiciméad tuairisce agus taifead gnó trí Business. ie, Vision-net agus MINTEL i Loch Garman in 2018.

Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú ar fáil le bonneagar Work Matters a fheabhsú, rud a chuir ar a gcumas spásanna cruinnithe agus teicneolaíochta a chur ar fáil le fiontar agus fostáiocht a chur chun cinn. Tá ag éirí chomh maith sin le Work Matters anois de bharr gur cothaíodh dea-chaidreamh idir INTREO, an Oifig Fointair Áitiúil, Ionaid Fiontraíochta, Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman agus páirtithe eile.

Sláinte agus Folláine a Chur Chun Cinn

Glacann Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman páirt sa tionscnamh náisiúnta Éire Shláintíúil ag do Leabharlann. Cuirtear croíbhailiúchán de leabhair mholta a bhaineann le shláinte mheabhrach agus choirp ar fáil i ngach leabharlann bhrainse. Tá breis agus 100 foilseachán i mbailiúchán Éire Shláintíúil ag do Leabharlann, a bhaineann le trí théama Éire Shláintíúil – Ith go Maith, Smaoinigh go Maith, Bí go Maith. Roghnaíodh gach leabhar go speisialta le heolas sothuigthe ar féidir brath air a chur ar fáil do dhaoine aonair agus do theaghlaigh le cur ar a gcumas a sláinte agus a bhfolláine ghinearálta a bhainistiú. Sa bhailiúchán tá leabhair do leanaí agus d'osaigh óga, agus tá ríomhleabhair agus r-chlosleabhair Éire Shláintíúil ar fáil, leis. Cuireann leabharlanna cainteanna, díospóireachtaí agus ceardlanna ar fáil a bhíonn diríthe ar an tsláinte choirp, ar an meabhairshláinte agus ar an litearthacht sláinte. Is ann d'fheachtas náisiúnta meán a leagann bém ar ról na leabharlann sa dea-shláinte a chur chun cinn agus i dteachta ar eolas sláinte a éascú.

Maoiniú

Maoinítear oibriú Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman trí bhuiséad ioncaim bliantúil na Comhairle. Glacann comhaltaí tofa Chomhairle Contae Loch Garman leis an mbuiséad gach bliain. Mar gheall ar infheistíocht shuntasach ó Chomhairle Contae Loch Garman tá méadú 24% tagtha ar an gciste leabhar le ceithre bliana anuas. Le blianta beaga anuas, d'fhogair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail pacáistí infheistíochta le tacú le leabharlanna poiblí a fhorbairt agus leis an gclár Ár Leabharlanna Poiblí 2022 a chur chun feidhme.

An Clár Caipítil

Seoladh Clár Caipítil Leabharlann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail in 2016 le hinfheistíocht €29 milliún a dhéanamh i 19 dtionscadal caipítil roimh 2022, Mo Leabharlann Oscailte ina measc. Leagtar amach i gClár Eacnamaíochta agus Infheistíochta Pobail Chomhairle Contae Loch Garman, 2018-2022 clár uaillmhianach spriocdhírithe trína gcuirfear roinnt mhaith mórtionscadail bhonneagair, deiseanna cruthaithe post agus saoráidí pobail den chéad scoth ar fáil ar fud an chontae. San áireamh sa chlár sin tá leabharlann nua d'Inis Córthaidh agus oibreacha ar Leabharlann Ros Mhic Thriúin le hí a athchóiriú agus a leathnú.

Príomhchuspóirí 2020-2025

Aithníodh in Ár Leabharlanna Poiblí
2022 trí chlár straitéiseachá:

- Léitheoireacht agus Litearthacht
- Faisnéis agus Foghlaim
- Pobal agus Cultúr

Tar éis na cláir sin a chur san áireamh agus dul i mbun comhairliúcháin,
sainaithníodh na príomhchuspóirí seo a leanas:

1

A gcuirimid ar fáil a fheabhsú



Bailiúchán Leabharlainne



- Coinneoimid cistí leordhóthanacha leabhar lena chinntíú go mbíonn ár mbailiúcháin cothrom le dáta, freagrúil agus ábhartha do riachtanais na saoránach, bídí sna leabharlanna féin nó ar líne.
- Cuirfimid Beartas Forbartha Bailiúchán i dtoll a chéile le bonn eolais a chur faoi cheannach ábhar fisiceach agus ar líne.
- Cuirfimid an léitheoireacht chun cinn trí na meáin shóisialta agus trí thaispeántais éifeachtacha.
- Feabhsóimid feasacht ar an mbailiúchán mór ríomhleabhar, r-closleabhar, r-irisí agus acmhainní r-foghlama atá againn.

Foirgnimh agus Leabharlanna Taistil



- Tabharfaimid tús áite don leabharlann nua in Inis Córthaidh agus do shíneadh Leabharlann Ros Mhic Thriúin.
- Coinneoimid bail ar na foirgnimh atá againn lena chinntí gur saoráidí inrochtana iad atá slán sábhalte, nua-aimseartha agus compordach i gcónai.¹⁰ Déanfaimid ár leabharlanna níos tarraingtí le go mbeidh daoine sásta cuairt a thabhairt orthu agus am a chaitheamh iontu.
- Cuirfimid na spásanna ciúine a mbíonn antóir orthu ar fáil le cumasú do dhaoine staidéar a dhéanamh, machnamh a dhéanamh agus tearmann a fháil ón saol.
- Déanfaimid cinnte de go mbeidh foirgnimh agus feithclí ár leabharlann neamhdhíobhálach don chomhshaol agus tíosach ar fhuinneamh. Déanfaimid cinnte de go mbeidh foirgnimh nua agus foirgnimh arna n-athchóiriú nó arna síneadh ag teacht le caighdeán NZEB (Foирgneamh Neodrach ó Thaobh Fuinnimh De) de réir chuid L de na rialacháin tógála.
- Leathnóimid na seirbhísí leabharlainne taistil a chuirimid ar fáil ach na hacmhainní a bheith ar fáil chuige sin. Fiosrófar an bhféadfaí veain a fháil le freastal ar bhunscoileanna uile an chontae. Leathnófar an tseirbhís phíolótach seachadta go doras. Déanfar na leabharlanna taistil a chur chun cinn agus ardófar feasacht orthu ar bhealaí nua.

TF, Déantúsóirí agus Códú



- Cuirfimid feabhas ar sheirbhísí TF inár leabharlanna. Cuirfimid leathanbhanda ardluais ar fáil i ngach suíomh mar bheart tosaíochta.
- Seolfaimid aip nua leabharlainne chun seirbhísí ar líne a dhéanamh níos éasca le húsáid.
- Déanfaimid na spásanna déantúsóirí níos mó agus cuirfimid raon níos leithne trealamh ar fáil iontu. Seolfaimid stiúideo podchraolta agus ilmheáin.
- Cuirfimid raon gníomhaíochtaí códaithe ar fáil a bheidh oiriúnach do dhaoine de gach aois agus ar gach leibhéal cumais.

Seirbhísí faoi Thionchar an Chustaiméara



- Beidh deis ag ár gcuid custaiméirí a lorg féin a fhágáil ar ár seirbhísí trí na comhairliúcháin a eagrófar go rialta le páirtithe leasmhara éagsúla. Tabharfaimid cluas éisteachta dár gcuid custaiméirí, rachaimid i gcomhairle leo siúd nach n-úsáideann ár gcuid seirbhísí agus déanfaimid de réir an aiseolaí a gheobhaimid.

2 Daoine Nua a Mhealladh Isteach



Is é an sprioc atá againn ná líon na mball gníomhach a mhéadú 20% thar shaolré an phlean. Chuige sin, déanfaimid daoine a spreagadh le ballraíocht a ghłacadh ar roinnt bealaí éagsúla:

Margaíocht



- Cuirfimid an luach a bhaineann le ballraíocht leabharlainne ina luí ar gach duine den phobal. Forbróimid plean margaiochta a bheidh thírithe ar ghrúpaí éagsúla a mhealladh isteach.

Uaireanta Oscailte



- Cuirfimid le huairéanta oscailte gach leabharlainne trí thionscnamh Mo Leabharlann Oscailte, agus déanfaimid na leibhéal soláthair foirne atá ann cheana a choinneáil nó a fheabhsú ag an am céanna de réir mar is iomchuí.

Comhpháirtíocht



- Rachaimid i gcomhar le comhlacthaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta le comhspriocanna a bhaint amach. Forbrófar comhpháirtíochtaí tuilleadh le réamhscoileanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna; institiúidí tríú leibhéal; údarás leabharlainne eile agus institiúidí náisiúnta a bhfuil baint acu le cúrsaí oidhreachta; gníomhaireachtaí rialtais; comhlacthaí ionadaíocha, comhlacthaí deonacha agus pobail agus grúpaí sainleasa.

For-rochtain



- Déanfaimid laethanta oscailte a óstáil go rialta inár leabharlanna agus spreagfaimid daoine nach baill leabharlainne iad le cuairt a thabhairt orthu.
- Rachaimid níos faide ná ballaí na leabharlainne leis na buntáistí a bhaineann le ballraíocht leabharlainne a chur ina luí ar dhaoine i mbalite, i sráidbhailte agus i scoileanna. Déanfaimid infheistíocht i dteicneolaíocht mhóibíleach agus cuirfimid tob-leabharlanna ar bun in áiteanna éagsúla, lena n-áirítear imeachtaí pobail, ollmhargaí agus cruinnithe móra d'fhoínn an tseirbhís a chur chun cinn.

Leabharlanna Inrochtana agus lonchuimsitheacha



- Déanaimid cinnte de go mbeidh sé éasca teacht ar leabharlanna agus go mbeidh cuailí eolais feadh an bhealaigh.
- Déanaimid cinnte de go mbeidh ár láithreán gréasáin i gcomhréir leis an dea-chleachtas ó thaobh inrochtana de agus go gcuirfear eolas cothrom le dáta ar féidir brath air ar fáil air.
- Úsáidfimid prionsabail an dearaidh uilfóch lena chinntíú go mbeidh teacht ag cách ar ár seirbhísí de réir na Straitéis Náisiúnta um lonchuimsíú Míchumais, 2017-2021.
- Forbróimid seirbhísí do dhaoine fásta agus do leanáí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Forbrófar seirbhís leabharlainne a thacaíonn leo siúd a bhfuil uathachas orthu i gcomhairle le grúpaí comhairleacha áitiúla agus náisiúnta.
- Tabharfaimid aghaidh ar cheist an uaignis tuaithe trí athbhreithniú a dhéanamh ar bhealaí na leabharlann taistil, leathnú na seirbhise seachadta go doras agus éascaíocht a dhéanamh ar iompar tacaithe chuig leabharlanna agus ar ais nuair is féidir.

- Tabharfaimid aghaidh ar bhearna sa soláthar maidir le déagóirí agus ar thearc-úsáid na seirbhísí acu trí:
 - » Áiseanna tiomnaithe TF a chur ar fáil, lena n-áirítear deiseanna códaithe, cluichíochta agus foghlama ar líne.
 - » Déanfaimid nasc le seirbhísí óige le héascaíocht a dhéanamh ar imeachtaí a mbeadh spéis ag déagóirí iontu.
 - » Cuirfimid feabhas ar na spásanna do dhéagóirí inár leabharlanna.
 - » Déanfaimid athbhreithniú ar na bailiúcháin atá againn do dhéagóirí, lena n-áirítear úrscéalta grafacha.
 - » Déanfaimid athbhreithniú ar na hacmhainní staidéir atá ar fáil do dhéagóirí, lena n-áirítear áiseanna staidéir ar líne agus spásanna ciúine.
- Leathnóimid ár gClár um Leabharlanna Aoisbháúla chuit gach brainse. Bainfimid amach ár spriocanna faoin Straitéis um Chontae Aoisbháúil.
- Déanfaimid na leabharlanna ina spás fáilteach agus ina mol eolais do dhaoine nua sa phobal, d'imircigh agus do dhaoine atá gan díean.

3

Loch Garman a Cheiliúradh

Is institiúid cuimhne áitiúla í Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman agus tá ról aici i scéalta dearmadta ár gcontae a insint. Tá de chúram uirthi a chinntí nach ligfear an t-am atá thart i ndearmad agus go gcaomhnófar stair agus cultúr uathúil ár gcontae do na glúnta atá le teacht.



Cuimhneamh ar an Am atá Thart



- Spreagfaimid pobail áitiúla le cur lenár mbailiúcháin staire áitiúla agus déanfaimid cinnte de go gcaomhnófar leabhair, irisí agus earráí áitiúla eile (ábhair ghearrshaolacha san áireamh) ar mhaith leis na glúnta atá le teacht.
- Iarrfaimid ar phobail a bheith páirteach i scéalta Chontae Loch Garman a bhailiú agus a insint trí dhigitú agus stair bhéil.
- Rachaimid i gcomhar le Rannóg na gCartlann leis an gclár digitithe a leathnú.

Digitiú Bailiúchán



- Feabhsóimid a gcuirimid ar fáil ar líne le raon iomlán ár n-acmhainní digiteacha a chur ar taispeáint. Tríd an tairseach dhigiteach nua seo beidh teacht ag an bpobal ar acmhainní áitiúla ar líne, lena n-áirítear bailiúcháin ghrianghrafadóireachta, nuachtán stáiriúla, irisleabhair áitiúla, Miontuairiscí na Comhairle, Aontas Dhílí na mBocht, an Coimisiún Béaloideas, srl.

Ár nAcmhainneacht Turasóireachta a Fhorbairt



- Forbróimid ár n-acmhainneacht turasóireachta ach an diaspora a nascadh lena bhfreamhacha i gContae Loch Garman. Tacóimid le taighde ginealaíais.
- Inseoimid scéalta áitiúla faoi leith a d'fhéadfadh a bheith mar bhunús le forbairt turasóireachta cultúrtha amach anseo.
- Rachaimid i gcomhar le comhlachtaí turasóireachta leis na seirbhísí leabharlainne a chuirtear ar fáil do chuaiteoirí a chur chun cinn.
- Breathnóimid go mion ar na féidearthachaí maidir leis an tionscadal Talking History a mhéadú le láithreacha oidhreachta eile a chur san áireamh, ach na hacmhainní a bheith ar fáil chuige sin.

Rannpháirtíocht Nua



- Úsáidfimid cineálacha nua rannpháirtíochta d'fhoinn feasacht ar ár mbailiúcháin áitiúla a ardú agus daoine a spreagadh le húsáid a bhaint astu.
- Méadóimid an fheasacht ar na hacmhainní staidéir áitiúil i measc múinteoirí iar-bhunscoile agus scoláirí Ardteistiméireachta.
- Beidh ról lárnoch againn i nDeich mBliana na gCuimhneachán. Déanfar Cogadh na Saoirse, an Cogadh Cathartha agus bunú an Stáit a chomóradh go tuisceanach measúil trí chlár léacataí, taispeántas agus ceardlann.



4 Difríocht a dhéanamh inár bpobail



Foghlaim ar feadh an tSaoil



- Tacóimid le saoránaigh teacht a bheith acu ar sheirbhísí r-rialtais agus páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas daonlathach.
- Cuirfimid gníomhaíochtaí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta, ealaíne agus matamaitice (STEAM) chun cinn óir is disciplíní iad a thacaíonn le litearthacht, uimheartacht, folláine agus forbairt phearsanta. Leanfaimid orainn ag eagrú Féile Eolaíochta WexSci i gcomhpháirt le grúpaí agus gníomhaireachtaí ábhartha. Forbróimid gníomhaíochtaí spriocdhírithe le daoine ó gach cearn a mhealladh le bheith páirteach i gcláir STEAM, go háirithe iad siúd atá i mbaol imeallaithe.
- Cuirfimid oiliúint litearthachta digití ar fáil saor in aisce do ghrúpaí éagsúla. Cuirfidh foireann na leabharlainne an oiliúint sin ar fáil go díreach i gcomhar le gníomhaireachtaí náisiúnta agus áitiúla agus soláthraithe a bhfuil fios a ngnó acu. Beidh béim ar leith ar oiliúint nuálach a chur ar dhaoine "neamh-líneálacha" d'fhonn cabhrú leo páirt iomlán a ghlacadh i saol na ré digití.
- Tacóimid le baill dár bpobal atá ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise trí bhailiúcháin leabharlainne, r-fhoghlaim agus grúpaí comhrá.

Sláinte agus Folláine




- Forbróimid ár dtairiscint faoin gclár Éire Shláintíúil ag do Leabharlann trí chur leis na himeachtaí a chuireann gairmithe iontaofa ar fáil thar ár gceann. Cuirfimid an leabharlann chun cinn mar fhoinsí eolais faoi chúrsaí sláinte ar féidir brath uirthi.

Gníomhú ar son na hAeráide



- Ardóimid go réamhghníomhach feasacht, eolas agus plé i measc an phobail ar a gcaithfidh an tsochaí a dhéanamh le dul i ngleic leis an athrú aeráide. Laghdóimid ár lorg carbón, méadóimid athúsáid agus beimid níos feasaí ó thaobh an chomhshaoil de inár gcuid oibríochtaí.

Litearthacht agus Léitheoireacht



- Seolfaimid feachtas leis an scíthlitéitheoreacht a spreagadh i gContae Loch Garman. Leagfaimid béis ar bhuntáistí na léitheoreachta ó thaobh folláine de do dhaoine fásta agus do leanaí araon. Cuirfimid comhthionscnaimh léitheoreachta pobail chun cinn, ar nós 'Baile Amháin Leabhar Amháin'. Forbróimid pobail léitheoreachta ar líne agus clubanna leabhar, agus bainfear gach leas as saineolas na fairne ag an am céanna le tacú le léitheoirí.
- Leanfaimid orainn ag tacú le scríbhneoirí as Loch Garman atá ag teacht chun cinn i ngach seánra, lena n-áirítear fiscean, neamhfhicsean, drámaíocht, Gaeilge, iriséireacht agus blagáil.
- Leanfaimid orainn ag forbairt ár gclár litearthacha um Cheart chun Léamh i gcomhar leis an Lónra um Cheart chun Léamh.
- Cuirfimid luathforbairt teanga agus litearthachta chun cinn do leanaí beaga agus óga. Déanfaimid teagmháil le tuilleadh soláthraithe luathbhlianta agus grúpaí tuismitheoirí agus lapadán d'fhoínt iad a mhealladh isteach. Feabhsóimid ár gcláir agus ár mbailiúcháin speisialta do leanaí réamhscoile.
- Forbróimid ár gcaidreamh le bunscoileanna agus déanfaimid cinnte de go mbeidh idirghníomhaíocht amháin ar a laghad ag gach bunscoil sa chontae leis an tseirbhís leabharlainne in aghaidh na bliana.
- Tosóimid ag cur tuilleadh seirbhísí ar fáil d'iar-bhunscoileanna agus é mar aidhm againn tacaíocht litearthachta, umheartachta agus curaclaim a chur ar fáil, chomh maith le héascaíocht a dhéanamh ar staidéar agus fiosrú neamhspleáach.
- Oibreoidim i gcomhar le tuismitheoirí, cúramóirí agus scoileanna le litearthacht teaghlaigh a neartú.
- Cuirfimid an teicneolaíocht chun cinn mar áis foghlama i dtaca le litriú, léamh agus obair bhaile.
- Cuirfimid seirbhísí ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Seolfaimid ár seirbhís 'Bréagán', Teicneolaíocht agus Oiliúint'. Tacóimid le leanaí a bhfuil dislícse orthu trí chur leis na grúpaí léitheoreachta, bailliúcháin speisialta agus tacaíochtaí atá ann dóibh.
- Forbróimid cláir iarscoile a bheidh dírithe ar chabhair le hobair bhaile.

Forbairt Gheilleagrach



- Faoi gclár Work Matters, déanfaimid infheistíocht le hacmhainní a chur ar fáil ar líne a mbainfidh an pobal gnó leas astu. Cuirfimid na hacmhainní seo chun cinn go háitiúil tríd an Oifig Fiontair Áitiúil, tríd an gComhlachas Tráchtála, tríd an mBord Oideachais agus Oiliúna, agus trí chomhpháirtithe eile.
- Rachaimid i gcomhar lenár gcuid comhpháirtithe in earnáil na seirbhísí fostáiochta le treoir agus cúnamh a chur ar fáil do dhaoine difhhostaithe maidir le bealaí ar ais chun na hoibre. Cuirfimid deiseanna ar fáil le haghaidh oiliúint neamhfhoirmiúil a thacóidh le forbairt phearsanta, oideachasúil, gairme agus gnó trí stoc leabharlainne, r-acmhainní, imeachtaí, trealamh agus spásanna staidéir.

Deiseanna Cultúrtha



- Leanfaimid orainn ag cur Chlár Éire Ildánach ar fáil go háitiúil. Oibreoidim as lámha a chéile lenár gcomhpháirtithe san Fhoireann Cultúir agus le pobail áitiúla leis an Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta, 2018-2022 a chur chun feidhme. Cuirfimid leabharlainna chun cinn mar spásanna cruthaitheacha agus comhoibrócha.
- Cuirfimid feabhas ar úsáid na Gaeilge inár bhfoirgnimh, trínár mbailiúcháin, imeachtaí, láithreán gréasáin agus seirbhísí. Táimid tiomanta d'fhorbairt an bhailiúcháin Gaeilge do dhaoine fásta agus do leanaí. Tacóimid le húdair agus taibheoirí Gaeilge agus déanfaimid cinnte de go gcurfear imeachtaí Gaeilge agus imeachtaí dáttheangacha ar fáil mar chuid dár gcláir féile, amhail Seachtain na Gaeilge, Féile Leabhar na Leanaí, srl. Tugaimid ár bhfocal go ndéanfar infheistíocht i bhforbairt ghairmiúil na fairne d'fhoínt cur lena gcumas sa Gaeilge.

5 Infheistiú inár ndaoine



Soláthar foirne




- Coinneoimid leibhéal soláthair foirne atá ag teacht leis an bPlean Fórsa Saothair a glacadh don tseirbhís leabharlainne.
- Déanfaimid cinnte de go mbeidh baill foirne sa líne thosaigh in ann lorg a láimhe a fhágáil ar fhorbairt na seirbhíse.
- Tabharfaimid luach a saothair do bhaill foirne a chuireann nuáláiocht chun cinn agus déanfaimid cinnte de go dtacófar lena bhforbairt ghairmiúil.

Oiliúint



- Déanfaimid cinnte de go gcuirfear oiliúint ábhartha ar fáil d'fhonn na tosaíochtaí a shainaithnítear sa phlean seo a chur chun feidhme. Beidh taithí leabharlannaithe gairmiúla, saineolas TF agus scileanna rannpháirtíochta pobail ag teastáil chuige sin. Forbrófar scileanna forbartha léitheoirí chomh maith.
- Glacfaimid lánpháirt sa Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta do Chomhairle Contae Loch Garman.



Monatóireacht, Measúnacht agus Athbhreithniú

Ar cheann de na chéad bhearta a dhéanfar faoin bplean seo beidh bunú na socrutha is gá le monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh. I rith shaolré Phlean Forbartha Leabharlann Chomhairle Contae Loch Garman, 2020-2025 déanfaimid monatóireacht ar riachtanais athraitheacha phobal Chontae Loch Garman, freagróimid do na hathruithe agus déanfaimid gach iarracht teacht rompu.

Déanfar athbhreithniú rialta ar an bplean agus leagfar síos spriocdháta maidir le gach beart. Is iad Plean Corparáideach Chomhairle Contae Loch Garman, Plean Forbartha Chontae Loch Garman, 2019-2025 agus beartais ábhartha áitiúla agus rialtais eile a thabharfaidh comhthéacs don phlean.

Cuirfidh an chumarsáid a bhíonn againn leis an bpobal trínár gcomhpháirtíochtaí bonn eolais faoi fhorbairt na seirbhísé leabharlainne i Loch Garman. Tabharfar túis áite do mheasúnú leanúnach a dhéanamh ar imeachtaí agus ar chláir. Cuirfear deiseanna oiliúna agus forbartha gairmiúla leanúnaí ar fáil don fhoireann d'fhonn a bhfeidhmíocht a fheabhsú, rud a dhéanfar a mheas mar chuid dár gcóras bainistíochta feidhmíochta. Trína bheith páirteach i dtionscnaimh náisiúnta, beimid in ann a chinntí tuilleadh go bhfuilimid ag baint amach ár gcuspóirí faoin bplean seo.

Déanfar monatóireacht ar dhul chun cinn trí thagairt do na táscairí feidhmíochta náisiúnta agus tríd an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iníúchta (NOAC).

Tabharfar tuairiscí chun dáta ar dhul chun cinn agus cur chun feidhme an phlean trí Thuairisc an Phríomhfhéidhmeannaigh do Chomhairle Contae Loch Garman agus don Choiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Tithíocht agus Pobal. Luafar stádas agus dul chun cinn an phlean, chomh maith le saothar na seirbhísé leabharlainne go ginearálta, i dTuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Loch Garman chomh maith.


Aguisíní



Aguisín 1

An Buiséad Ioncaim do Leabharlanna agus Cartlanna, 2017-2019


	2017 €	2018 €	2019 €
Oibríochtaí na Seirbhise Leabharlainne	2,404,788	2,729,868	2,756,194
Ciste Leabhar	280,000	300,000	310,000
Costais Tacaíochta Seirbhise	1,553,001	1,709,188	1,835,554



Aguisín 2 - Anailís ar Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna, Bagairtí

Ghlac foireann na leabharlainne páirt i gceardlanna le sainaithint a dhéanamh ar na láidreachtaí, na laigí, na deiseanna agus na bagairtí a bhaineann le Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman.

Tháinig na saincheisteanna seo a leanas chun solais:



Láidreachtaí

- Cúig leabharlann mhaithe.
- Foireann chairdiúil, thiomanta.
- Seirbhís ar féidir brath uirthi agus a bhfuil gean ag an bpobal uirthi.
- Ní ghearrtar táillí ná muirir.
- Uaireanta fada oscailte.
- Seirbhísí nua m.sh. prioritál 3T agus spásanna teicneolaíochta.
- Tiomantas do sheirbhís do chustaiméirí.
- Feabhas curtha ar sheirbhísí mar thoradh ar RFID.
- Infheistíocht i stoc agus ciste leabhar ag méadú.
- Dea-chaidreamh le grúpaí agus eagraíochtaí.
- Tóir ar r-sheirbhísí ag méadú.
- Clár imeachtaí éagsúla a mbíonn freastal maith orthu.
- Fáil níos fearr ar stoc mar thoradh ar an gCóras Náisiúnta Dáileacháin.
- Mo Leabharlann Oscailte i nGuaire.
- Dea-chaidreamh le bunscoileanna.
- Luach ar airgead.

Deiseanna

- Deis ollmhór ann STEAM agus teicneolaíocht a fhorbairt tuilleadh i leabharlanna.
- Léachtaí, ceolchoirmeacha, srl. a shruthú beo agus a thaifeadadh.
- Fáilte mhór a chur roimh fhorbairtí teicneolaíochta.
- Deis ann an tseirbhís seachadta go doras a fhorbairt tuilleadh.
- An tseirbhís 'Work Matters' a leathnú.
- Comhar a fheabhsú le raon soláthraithe reachtúla agus deonacha ar bhonn áitiúil agus náisiúnta.
- Deis ann tuilleadh ábhair a bhaineann le staidéar áitiúil a chur ar fáil ar líne.
- Is féidir cur leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil ó na leabharlanna taistil.
- Caidreamh a chothú le hiar-bhunscoileanna ach naisc leis an gcuraclam a léiriú.
- Mo Leabharlann Oscailte.
- R-acmhainní, r-leabhair, r-chlosleabhair, r-irisí, r-nuachtáin.
- D'fhéadfadh baill fairne tuilleadh seirbhísí a chur ar fáil tar éis dul faoi usoiliúint.
- Caidreamh a chothú le réamhscoileanna.



Laigí

- Spás ciúin a bheith ar fáil i mbrainsí.
- Gá le níos mó spás le raon na seirbhísí a chuirtear ar fáil a fhás.
- Gá le tuilleadh comhairliúchán leo siúd nach n-úsáideann an leabharlann.
- Seirbhísí do dhéagóirí.
- D'fhéadfaí na huaireanta oscailte a fheabhsú.
- Gá le feasacht níos fearr i measc an phobail ar an tseirbhís a chuirimid ar fáil.
- Gá le hoiliúint foirne i ngach réimse tearchforbartha, lena n-áirítear obair le haosaigh óga, TF; seirbhís do chustaiméirí.
- Bearna scileanna ag roinnt baill foirne.
- Níl ag éirí linn daoine nach úsáideoirí iad a mhealladh isteach ná freastal orthu.
- Luas nasc leathanbanda.

Bagairtí

- Saintréithe áitiúla ár seirbhíse leabharlainne a choinneáil i gcomhthéacs náisiúnta.
- Maoiniú a bheith ar fáil amach anseo le haghaidh leabharlanna agus seirbhísí nua.
- Cumas leis na leibhéal infheistíochta a mhéadú, i gcistí leabhar go háirithe.
- Tuairimí as dáta ar céard is leabharlann ann.
- Tearcúsáid seirbhísí nua mar gheall ar easpa oiliúna.
- Fás ag teacht ar fhadhb an eisaimh dhigitigh.
- Gan ach taithí dhigiteach a bheith ag leanáí m.sh. leanbh ag iarraidh leabhar i scribhinn a svaidhpeáil nó a mhéadú.
- Gan a bheith in ann díriú isteach ar rud ach ar feadh tamall an-ghearr - an chaoi a dtéann "smaoineamh fada" leabhair in iomaíocht leis an dlúthfhaisnéis atá i dtvuít.
- Coinneáil suas le rudaí/faisin nua i dtionscal na foilsitheoirreachta.

Aguisín 3 - Anailís PESTLE

Mar chuid de phróiseas forbartha an phlean seo, rinne Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman Anailís PESTLE lena fháil amach céard iad na tosca seachtracha (polaitiúil, eacnamaíoch, teicneolaíoch sóisialta, dlíthiúil agus comhshaol) a mbeidh tionchar acu ar ár dtimpeallacht oibriúcháin i rith shaolré an phlean.

D'aithníomar na nithe seo a leanas:

Polaitiúil



- Beidh tionchar ag an bplean náisiúnta Ár Leabharlanna Poiblí 2022: *Pobail a spreagadh, a cheangal agus a Chumasú* ar ár dtreo amach anseo.
- Caighdeán agus Tagarmharcanna le haghaidh Leabharlanna Poiblí.
- Beidh tionchar ag Éire 2040: *An Creat Náisiúnta Pleanála* ar fhorbairt chaipitil.
- Beidh tionchar ag an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach agus ag an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda ar fhorbairt seirbhísí agus scileanna TF ar fud na tíre.
- An Straitéis TFC le haghaidh an Rialtais Áitiúil, 2017-2022.
- An Straitéis Náisiúnta um ionchuimsíú Míchumais, 2017-2021, d'fhonn ionchuimsíú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn i sochaí na hÉireann.
- Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: *Creatlach an Pholasáí Náisiúnta do Leanaí agus do Daoine Óga, 2014 – 2020* agus *Plean Choiste Loch Garman um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga*.
- An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach agus Straitéis Loch Garman um Chontae Aoisbháuil.
- Plean Forbartha Contae Loch Garman, 2019 – 2025.
- Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil Chontae Loch Garman.
- Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chontae Loch Garman agus Straitéis Ealaíon Chontae Loch Garman, 2018-2021.
- Scéim Teanga Chomhairle Contae Loch Garman.

Geilleagar



- Maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil don rialtas áitiúil.
- Maoiniú a fháil do thionscadail chaipitil.
- Ról Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman i gcur chun cinn na turasóireachta cultúrtha i gContae Loch Garman.
- An Cód Caiteachais Phoiblí, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, 2013.
- Impleachtaí an Bhreatimeachta dár ngeilleagar.
- Comhphróiseas náisiúnta tairisceana le haghaidh córais TF, stoc leabhar, srl. d'fhonn luach ar airgead agus barainneacht scála a chinntí.
- Fáil ar shocruithe príobháideacha poiblí i gcomhair infheistíocht chaipitil.
- Costais chothabhála mhéadaithe ar chórais TF agus ar fhoirgnimh nua.

Sóisialta



- Rannpháirtíocht níos ísle san oideachas tríú leibhéal.
- Pobal níos sine, go háirithe i gceantair áirithe.
- Ardlíon daoine ag comaitéireacht i gceantair áirithe ag cur isteach ar an gcomhtháthú sóisialta. An chaoi ar féidir cabhrú leo siúd nach mbíonn mórán ama acu a bheith páirteach ach na huaireanta oscailte a mhéadú.
- Leithlisiú tuaithe agus an tionchar a bhíonn aige ar rannpháirtíocht i seirbhísí leabharlainne.
- Leibhéal níos ísle litearthachta digití i measc daoine scothaosta agus an gá atá le tacú leis an oideachas litearthachta digití.
- A chinntíú go bhfreastalaíonn seirbhísí leabharlainne ar riachtanais daoine aonair a d'fhéadfadh a bheith i mbaol imeallaithe de dheasca cúrsaí airgid, leithlisiú geograafach nó riachtanais bhreise.
- An gá atá le deiseanna oideachais cultúrtha agus neamhfhoirmiúla a chur ar fáil saor in aisce do chách, idir óg agus aosta.

Teicneolaíocht



- Fágann luas mire shaol na teicneolaíochta go gcaithfidh leabharlanna a bheith chun tosaigh maidir le crua-earraí agus bogearraí nua a thabhairt isteach.
- De bharr na n-athruithe atá tagtha ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn daoine leis an tseirbhís leabharlainne, ní mór dúinn a bheith in ann seirbhís ar líne atá ardfhreagrúil a chur ar fáil.
- Ní mór dúinn ár mbailiúcháin uathúla a dhigití le go mbeidh an pobal in ann teacht orthu go héasca.
- Tá beartas cliste meán sóisialta ag teastáil leis an toradh a uasmhéadú ar an am a chaitear ar an modh cumarsáide seo.
- Caithfear acmhainní taighde, bunachair sonraí agus acmhainní rochtana oscailte ardluacha a chur ar fáil agus i bhfeidhm.
- Fágann dul chun cinn na teicneolaíochta go gcaithfear an méid a infheistítear i bhforbairt ghairmiúil leanúnach don fhoireann a mhéadú.

Comhshaoil



- Straitéis Chomhairle Contae Loch Garman um Oiriúnú don Athrú Aeráide.
- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.
- Tá na dualgais agus na spriocanna do chomhlachtaí poiblí leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus i Rialacháin na gComhphobal Eorpach. Tá Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí mar bhonn agus mar thaca leo freisin.
- Tá ról tábhachtach ag Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman i bhfeasacht chomhshaoil agus oideachas poiblí.
- An Plean Gnímh don Aeráid, 2019 chun dul i ngleic le Cliseadh na hAeráide.

Dlíthiúil



- Soláthar Poiblí agus Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.
- Tús Áite do Leanaí: An Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí (an Roinn Leanaí agus Gnótháí Óige).
- Na hAchtanna Rialtais Áitiúil.
- An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise.
- Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.
- Comhaontú Pá na hEarnála Poiblí.
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (arna leasú).

Aguisín 4 - Comhairliúchán Poiblí

Comhairliúchán ar Líne



Cuireadh ní ba mhó ná 1,000 suirbhé ar ais lenár bhfoirm ar líne. Cuireadh 23 suirbhé ar líne ar ais ó scoileanna, gnólachtaí, grúpaí míchumais agus institiúidí eile.

An Próiseas Comhairliúcháin



Tionóladh cruinnithe agus ceardlanna ar leithligh le dul i gcomhairle le foireann na leabharlainne mar seo a leanas:

- Baill fairne nua (10)
- An Fhoireann lomlán (22)
- Bainisteoirí brainse agus sinsearacha (9)

Comhairliúchán Duine le Duine



Rinneadh comhairliúchán duine le duine sna hionaid seo a leanas agus é mar aidhm againn úsáideoirí agus daoine nár bhfuil úsáideoirí iad a tharraingt isteach:

- Ionad Siopadóireachta Ghuaire
- Tesco, Ros Mhic Thriúin
- SuperValu Aodháin, Loch Garman agus Tesco Loch Garman
- SuperValu, Bun Clóidí

Ghlac na meánscoileanna seo a leanas páirt inár suirbhé:

- Scoil Chompánaigh Dhílse Íosa, Bun Clóidí
- Gairmscoil Bhun Clóidí
- Scoil na Dea-Chomhairle, Ros Mhic Thriúin

Tionóladh Grúpaí Fócais d'aosaigh féinroghnacha in:

- Leabharlann Ghuaire
- Leabharlann Loch Garman
- Tionóladh cruinniú le Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir Inis Córthaídh

Na Meáin agus ar Líne



- Cuireadh fógraí i ngach nuachtán áitiúil i gContae Loch Garman.
- Bhí nasc chuig an suirbhé ar líne ar leathanach baile na Leabharlainne ar an Idirlíon.
- Bhí nasc chuig an suirbhé ar líne ar na ríomhairí poiblí sna cúig leabharlann brainse.
- Bhí nasc chuig an suirbhé ar líne le feiceáil nuair a úsáideadh an Wi-Fi sna cúig leabharlann brainse chomh maith.
- Tugadh poiblíocht don suirbhé i nuachtlitir leictreonach a seoladh chuig 279 grúpa pobail/míchumais LRPP.
- Tugadh poiblíocht don suirbhé i nuachtlitir leictreonach a seoladh chuig gach grúpa OFA.
- Seoladh nasc chuig an suirbhé ar líne chuig múinteoirí sna bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus coláistí go léir i gContae Loch Garman.
- Cuireadh nasc chuig an suirbhé ar líne chuig na ceithre Chomhlachas Tráchtala i gContae Loch Garman le go bhféadfaidís é a chur ar aghaidh chuig a gcuid ball.
- Cuireadh nasc chuig an suirbhé ar líne chuig na naónraí agus na naíolanna ar fad sa chontae trí Choiste Cúram Leanaí Chontae Loch Garman.
- Cuireadh suirbhé ar líne ar fáil d'fhoireann na comhairle ar Inlín Chomhairle Contae Loch Garman.

Suirbhéanna i scríbhinn in Ionad Phoiblí




Rinne gach leabharlann brainse cóipeanna den suirbhé i scríbhinn a scáipeadh, mar a rinne ionad Acmhainní Teaghlaigh Ghuaire freisin.

Torthaí an Chomhairliúcháin



Fuarthas ní ba mhó ná 1,000 freagra ar ár gcomhairliúchán. Rud atá an-tábhachtach, tháinig ní ba mhó ná aon trian de na freagraí ó dhaoine nach n-úsáideann ár seirbhís.

Users & Non-users



Úsáid na leabharlainne




Ar an gceist:

Cén fáth a rachfá chuig an leabharlann de ghnáth?

Seo a leanas na freagraí a fuarthas:

Most likely reasons to visit library



Uaireanta Oscailte




Maidir le huaireanta oscailte, cuireadh an cheist seo ar na freagróirí:

An bhfeileann uaireanta oscailte do leabharlainne áitiúla duit?

D'fhreagair mionlach suntasach de 21% "Ní fheileann". Chuir 115 duine in iúl gur mhaith leo go mbeadh an leabharlann ar oscailt ní ba dhéanaí um thráthnóna agus chuir 69 in iúl gur mhaith leo go mbeadh sí ar oscailt ní ba luaithe ar maidin.


Do opening hours suit?




Forbairt Stoic

Cuireadh roinnt ceisteanna freisin d'fhoinn bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí forbartha stoic amach anseo. Cuireadh roghanna i leith ábhar léitheoireachta do dhaoine fásta in iúl mar seo a leanas:

Non-Fiction Subjects




Fiction Genre



An freagra ar an gceist "**An úsáideann tú r-acmhainní?**", líríonn sé go bhfuil méid suntasach forbartha fós ag teastáil sa réimse seo.

Do you use e-resources?



Leabharlanna Taistil



Fuarhas breis is 160 freagra maidir le húsáid sheirbhís na leabharlann taistil. Bhí ní ba mhó ná 20% de na freagraí ag tacú le seirbhís na leabharlann taistil agus luagh an tionchar dearfach a bhí ag an tseirbhís ar a saol agus ar a bpobal. Mhol 53 duine dúinn na hamchláir agus an tseirbhís a fhógaírt ar bhealach níos fearr le léarscáil.

Seirbhísí Inrochtana Leabharlainne




Chuir líon suntasach freagróirí (21%) in iúl go raibh siad féin nó ball dá dteaghlach faoi mhíchumas coirp nó oideachasúil. Fiafraíodh de na freagróirí sin céard iad na hathruithe a dhéanfaidís féin leis na saoráidí a fheabhsú. Chuir líon suntasach freagróirí in iúl gur ghá na seirbhísí agus an stoc a fheabhsú do leanaí agus do dhaoine fásta a bhfuil dislícse orthu. Moladh eile a rinne roinnt freagróirí ná feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fháil do dhaoine a bhfuil uathachas orthu. Tharraing roinnt freagraí ar leith aird ar fhadhbanna inrochtaineachta le brainsí áitiúla go príomha, ar nós rampaí agus áiseanna páirceála. Tá gach ceann de na freagraí sin á fhiosrú tuilleadh.


Cláir Imeachtaí

Lorgaíodh moltaí faoi na himeachtaí (do dhaoine fásta agus do leanaí araon) a theastaigh ó fhreagróirí a fheiceáil i leabharlanna.

Adult Events



Children's Events



Ríomhsheirbhísí, amhail Idirlín, Láithreán Gréasáin agus Leabharlann ar Líne



D'aithin na freagróirí roinnt rudaí le feabhsú ó thaobh Idirlín agus r-sheirbhísí de, lena n-áirítear nasc Idirlín agus Wi-Fi níos tapa a chur ar fáil agus a choinneáil agus r-sheirbhísí a chur chun cinn ar bhealach níos éifeachtaí.

Moltaí agus Tráchtanna Ginearálta

Fuaireamar ní ba mhó ná 800 moladh agus trácht ginearálta. Bhí cuid shuntasach de na tráchtanna fíormholtach faoi na seirbhísí a chuirtear ar fáil i ngach leabharlann.

I measc na moltaí maidir le rudaí le feabhsú bhí:

- Stoc.
- Saoráidí na bhfoirgneamh.
- Uaireanta oscailte.
- Spásanna ciúine.
- Áit le caife agus tae a réiteach.
- Ríomhairí níos tapa.

Cur Chun Cinn na Leabharlainne




D'fhiagraíomar de na freagróirí:

Cén chaoi a bhféadfaimis daoine a chur ar an eolas faoinár gcuid seirbhísí?

Cén chaoi a bhféadfaimis baill nua a mhealladh isteach?

Is léir ó na freagraí an tábhacht a chreideann daoine a bhaineann leis na meáin shóisialta le seirbhísí leabharlainne a chur chun cinn.

Medium of Promotion



Buíochas

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na grúpaí, na heagraíochtaí agus na daoine aonair go léir a chabhraigh leis an bpróiseas comhairliúcháin agus a roinn a gcuid tuairimí agus léargas linn go diograiseach faoin gcaoi a bhféadfaimis an tseirbhís leabharlainne a fheabhsú.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt chomh maith don mhéid a rinne comhaltaí tofa, lucht bainistíocha agus foireann Chomhairle Contae Loch Garman. Murach na daoine seo uile a rinne a gcion féin, ní bheadh an taighde indéanta, ná an plean a d'eascair as. Thóg sé ár gcroí gur chuir daoine an oiread sin suime sa leabharlann agus tá súil againn go léirítear go cruinn sa phlean seo an raon leathan smaointe agus moltaí a tháinig chun cinn tríd an gcomhairliúchán.









**Leabharlann
Loch Garman**

Sráid Uí Mhealláin
Port an Chalaidh Theas
Loch Garman
Y35 AY20
Teil: (053) 919 6760

